

Eleathanach250

Dé Luain 16 Eanáir 2017

Béar Bán

Ar an tríú lá de Shamhain a rugadh an babaí beag bán seo. Is béar bán é agus tá sé gleoite! Tonja an t-ainm atá ar a mhamaí. Rugadh é i ngairdín na n-ainmhithe - nó sa zú - in Berlin. Sin príomhchathair na Gearmáine.

Anois tá an béar dhá mhí d'aois, agus Dé hAoine seo caite bhí deis ag dochtúirí an zú é a scrúdú den chéad uair. Fuair siad amach gur béar fireann atá ann.

Tá na grianghraif ar fud an Idirlín agus tá siad go hálainn ar fad. Anois tá cabhair ag teastáil ó fhoireann an zú. Ba mhaith leo ainm don bheár bán. An féidir le do rangsa smaoineamh ar ainm deas?



Eolaí Óg na Bliana 2017

Bíonn an comórtas cáiliúil seo ar siúl gach bliain san RDS i mBaile Átha Cliath. Bíonn sé ar siúl díreach tar éis laethanta saoire na Nollag. Daltaí scoile a bhfuil spéis san eolaíocht acu glacann siad páirt ann.

Dé hAoine chualamar gur bhuaigh Shane Curran an phríomhdhuais don bhliain 2017. Tá Shane sé bliana déag d'aois agus is as Baile Átha Cliath é. Tá sé ag freastal ar Choláiste Thír an Iúir, agus tá sé sa chúigiú bliain.

Seo an ceathrú bliain a chuir sé isteach ar an gcomórtas. Bhí Shane ag féachaint ar bhealach nua chun a chinntiú go bhfuil eolas ríomhaireachta i dtaisce go slán sábháilte. Bhuaigh sé €5000, corn, agus turas chuig ionad eolaíochta san Isiltír.

Seanphianó

Le déanaí cheannaigh teaghlach seanphianó. Rinne muintir Broadwood & Sons an piano i Londain Shasana sa bhliain 1906.

Shocraigh na húinéirí nua go raibh sé thar am an pianó a chur i dtiúin arís. Nuair a d'oscail siad é áfach chonaic siad rud a chuir iontas an domhain orthu! D'aimsigh siad cnuasach bonn agus taisce óir a bhí ceilte istigh ina lár.

Anois tá Músaem na Breataine ag iarraidh a fháil amach ar ghoid duine éigin an taisce seo fadó, nó ar chuir úinéir na taisce í i bhfolach ansin d'aonghnó. Agus tá seans ann go mbeidh cead ag an teaghlach a cheannaigh an pianó an mhaoin a choimeád.

ATHBHLIAIN FAOI MHAISE DAOIBH!!



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

